Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12888/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0327(NLE)**

**UK 169**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 540 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 540 final.

Faoi iamh: COM(2023) 540 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.9.2023
COM(2023) 540 final

2023/0327 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach[1] ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') i dtaca leis an dearbhú ón Aontas atá le déanamh de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor[2] ('Cinneadh Uimh. 1/2023'). Tá Creat Windsor[3] ina dhlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Creat Windsor

Leagtar amach sa Chomhaontú um Tharraingt Siar na socruithe maidir le tarraingt siar rianúil na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus as Euratom. Tháinig an Comhaontú um Tharraingt Siar i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020. An 27 Feabhra 2023, tháinig an Coimisiún Eorpach agus rialtas na Ríochta Aontaithe ar chomhaontú polaitiúil i bprionsabal maidir le Creat Windsor. An Comhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um Tharraingt Siar a tionóladh i Londain an 24 Márta 2023, ghlac an Comhchiste sin na socruithe nua a bhaineann le Creat Windsor agus chomhaontaigh an dá Pháirtí oibriú go dlúth agus go dílis le chéile chun gach gné de Chreat Windsor a chur chun feidhme.

### 2.2. An Comhchoiste

Ar an gComhchoiste a bunaíodh faoi Airteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá ionadaithe ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe. Tá an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste. In Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an gComhaontú um Tharraingt Siar leagtar síos rialacha nós imeachta an Chomhchoiste. Tagann an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain ar a laghad nó arna iarraidh sin don Aontas nó don Ríocht Aontaithe agus socraíonn sé a sceideal cruinnithe agus a chlár oibre de chomhthoil.

Leagtar síos cúraimí an Chomhchoiste in Airteagal 164 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, agus ar na cúraimí sin tá an méid seo a leanas go príomha:

- maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe go díreach nó trí obair na gcoistí speisialaithe a thuairiscíonn dó;
- cinntí agus moltaí a ghlacadh, lena n- áirítear leasuithe ar an gComhaontú sna cásanna dá bhforáiltear ann;

[1] IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.
[2] IO L 102, 17.4.2023, lch. 61.
[3] Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

- fadhbanna a chosc agus díospóidí a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a réiteach.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Ag an gcéad chruinniú eile den Chomhchoiste, déanfaidh an tAontas an dearbhú dá bhforáiltear in Airteagal 23(4)(a) de Chreat Windsor.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

### 3.1. Airteagal 23(4) de Chinneadh Uimh. 1/2023/AE

De réir Airteagal 23(4) de Chinneadh Uimh. 1/2023, beidh feidhm ag formhór fhorálacha Roinn 2 den Chinneadh sin lena gcumhdaítear gluaiseacht earraí nach bhfuil an baol ann go n-aistreofar isteach san Aontas iad ina dhiaidh sin, is é sin, Airteagail 5 go 7 (seachas Airteagail 7(1)(a)(iii)), 8, 10, 13, 14, 15(1), (2) agus (4) agus 16 a luaithe a dhéanfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe dearbhuithe áirithe laistigh den Chomhchoiste. Tá dearbhú an Aontais le déanamh á rá go bhfuil an tAontas sásta leis an méid seo a leanas:

(i) an chaoi a bhfuil Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste curtha chun feidhme ag an Ríocht Aontaithe trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhchoiste sin; agus

(ii) go bhfuil gach clárú XI EORI atá ann cheana eisithe i gceart; agus

(iii) gur eisigh an Ríocht Aontaithe treoir nua maidir le beartáin i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach sa Chinneadh; agus

(iv) gur eisigh an Ríocht Aontaithe a dearbhú aontaobhach maidir le nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a thugtar amach as Tuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe.

Tá dearbhú na Ríochta Aontaithe le déanamh á rá gur deonaíodh údaruithe i gcomhréir le hAirteagail 9 agus 11 den Chinneadh agus le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh do gach allmhaireoir ar mian leis oibriú faoi Airteagal 7(1)(a)(ii) agus Airteagal 7(1)(b)(ii) den Chinneadh.

### 3.2. Dearbhú an Aontais de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023

Cumhdaítear ceithre mhír i ndearbhú an Aontais: (i) rochtain ag ionadaithe an Aontais ar líonraí, ar chórais faisnéise agus ar bhunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus ar mhodúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais mar a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire Agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 17 Nollaig 2020 lena ndéantar forail maidir leis na socruithe oibre praiticiúla a bhaineann le feidhmiú na gceart atá ag ionadaithe den Aontas dá dtagraítear in Airteagal 12(2) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann[4] ('Cinneadh Uimh. 6/2020'); (ii) nach bhfuil ach clárucháin XI EORI chearta i bhfeidhm; (iii) gur eisigh an Ríocht Aontaithe treoir nuashonraithe maidir le beartáin arna n-eisiúint ag an Ríocht Aontaithe; agus (iv) gur eisigh an Ríocht Aontaithe a dearbhú aontaobhach maidir le nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a

[4] IO L 443, 30.12.2020, lch. 16.

aistrítear ó Thuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe. Forbraítear na míreanna seo go mion ina dhiaidh seo.

*Rochtain TE*

Chun Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 a chur chun feidhme, tá córas cruthaithe ag an Ríocht Aontaithe (Córas Rochtana AE - EUAS) ina gcuirtear na sonraí ó líonraí, córais faisnéise agus bunachair sonraí ábhartha na Ríochta Aontaithe agus ó mhodúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais ar fáil d'ionadaithe an Aontais. Bhí ionadaithe an Aontais in ann EUAS a thástáil i mí na Samhna 2022. I mí na Nollag 2022, thíolaic ionadaithe an Aontais tuarascáil tástála ina raibh 22 mholadh lena dtugtar aghaidh ar easnaimh áirithe a sainaithníodh in EUAS. As na 22 mholadh sin, baineann 19 moladh le fadhbanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha ar féidir iad a réiteach trí choigeartuithe teicniúla agus trí mhodhnuithe ar EUAS; ar an taobh eile, ní féidir aghaidh a thabhairt ar na 3 mholadh atá fágtha ach amháin trí athruithe struchtúracha ar EUAS a chur chun feidhme lena n-éilítear córas nua a fhorbairt go fadtéarmach.

Chun críocha Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, ní mór don Aontas a bheith sásta le cur chun feidhme Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ag an Ríocht Aontaithe i bhfianaise na moltaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha. An tráth céanna, ní mór don Ríocht Aontaithe réamhchéimeanna substainteacha iomchuí a bheith déanta aici chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag ionadaithe an Aontais ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear i bpointe a) i bhformáid inrochtana agus ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh siad in ann anailís riosca a dhéanamh lena n-áirítear patrúin treochtaí a bhí ann le déanaí agus patrúin stairiúla a shainaithint. Thug an Ríocht Aontaithe aghaidh go sásúil ar na fadhbanna gearrthéarmacha agus meántéarmacha, mar a sainaithníodh in 19 gcinn de na 22 mholadh a cuireadh in iúl sa tuarascáil ó ionadaithe an Aontais i mí na Nollag 2022. Tá an córas ag feidhmiú ar leibhéal sásúil anois agus cuireann sé faisnéis ábhartha ar fáil d'ionadaithe an Aontais chun a chur ar a gcumas dóibh anailís éifeachtúil a dhéanamh ar na sonraí agus anailís oibríochtúil a dhéanamh chun faireachán a dhéanamh ar shreabhadh earraí idir an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann agus lastais a roghnú, ar bhonn anailíse riosca oibríochtúla, ar féidir rialuithe a iarraidh ar údaráis na Ríochta Aontaithe ina leith. I gcás fadhb ghearrthéarmach agus mheántéarmach amháin (maidir le hiomláine na sonraí in EUAS), tá an Ríocht Aontaithe tar éis aghaidh a thabhairt ar an moladh ábhartha ag céim thosaigh; tá an Ríocht Aontaithe tiomanta d'fheabhas teicniúil ar scála níos mó chun aghaidh a thabhairt ar chur i láthair na sonraí, rud atá ar siúl agus a thabharfar chun críche sna míonna amach romhainn. Ós rud é go bhfuil ceist leathan agus chothrománach i gceist le hiomláine na sonraí agus go bhféadfadh fadhbanna teacht chun cinn amach anseo de réir mar a thagann athrú ar an gcóras, tá gealltanas tugtha ag an Ríocht Aontaithe dul chun cinn suntasach a áirithiú maidir leis an iomláine ag atá ag teastáil i leith na sonraí, le tacaíocht ó phróiseas leanúnachais gnó. Maidir leis na moltaí fadtéarmacha, tá réitigh curtha ar fáil ag an Ríocht Aontaithe cheana féin ar cheann acu a bhaineann le rochtain inoibrithe ar uirlis tuairiscithe EUAS. An tráth céanna, tá bearta ullmhúcháin substainteacha iomchuí déanta ag an Ríocht Aontaithe (i.e., faoi chuimsiú conartha atá ann cheana, cuireadh amlíne agus plean deartha ar bun ina bhfuil na garspriocanna agus an phleanáil theagmhasach uile is gá) chun a áirithiú go dtabharfar aghaidh go sásúil amach anseo ar na fadhbanna fadtéarmacha eile, mar a sainaithníodh sa 2 mholadh atá fágtha den 22 mholadh a cuireadh i láthair sa tuarascáil ó ionadaithe an Aontais i mí na Nollag 2022. Níor mhór do na réitigh fhadtéarmacha feabhas suntasach a chur ar aga folaigh shonraí an Chórais um Dhearbhú Custaim, rud a éilíonn claochluithe móra inmheánacha agus ullmhúchán maidir le sonraí a chur ar fáil i mol sonraí

TAXUD le haghaidh anailís riosca stairiúil. Cuirfidh siad ar chumas ionadaithe an Aontais freisin cleachtaí anailíse riosca a dhéanamh ar bhonn patrúin treochtaí stairiúla.

Dá bhrí sin, tá an tAontas in ann a dhearbhú go bhfuil sé sásta, de réir bhrí Airteagal 23(4)(a)(i) de Chinneadh Uimh. 1/2023, le cur chun feidhme Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ag an Ríocht Aontaithe maidir le rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh sin ón gComhchoiste, agus é ag tabhairt dá aire go bhfuil gealltanas tugtha ag an Ríocht Aontaithe dul chun cinn suntasach a áirithiú maidir leis an aga folaigh agus iomláine na sonraí is gá, arna dtacú le próiseas leanúnachais gnó, agus go bhfuil rochtain ag ionadaithe an Aontais ar an bhfaisnéis sin atá fós le soláthar i bhformáid inrochtana ar bhealach inar féidir le hionadaithe an Aontais anailís riosca a dhéanamh lena n-áirítear sainaithint na bpatrún treochtaí atá ann le déanaí agus na cinn stairiúla.

*XI EORI*

Ní féidir ach gnólachtaí a bunaíodh i dTuaisceart Éireann a chlárú faoi uimhir Chláraithe agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha (EORI) ag tosú le XI (cód idirnáisiúnta do Thuaisceart Éireann; dá ngairtear 'uimhir XI EORI' anseo feasta), seachas gnólacht a bhfuil baint aige le hoibríochtaí custaim teoranta áirithe a dhéantar i ndáil le Tuaisceart Éireann, de réir Airteagail 5(31)(b), (5)(32) agus 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais. I mí Aibreáin 2023, chuaigh údaráis na Ríochta Aontaithe i dteagmháil leis na gnólachtaí nár chosúil go raibh bunaíocht acu i dTuaisceart Éireann agus d'iarr siad orthu a chruthú go raibh siad i dteideal a bheith cláraithe faoin uimhir XI EORI. I gcás nárbh amhlaidh, rinne údaráis na Ríochta Aontaithe clárúchán na ngnólachtaí den sórt sin neamhbhailí, próiseas atá curtha i gcrích anois.

Dá bhrí sin, tá an tAontas in ann a dhearbhú go bhfuil sé sásta, de réir bhrí Airteagal 23(4)(a)(ii) de Chinneadh Uimh. 1/2023, gur eisigh údaráis na Ríochta Aontaithe i gceart gach clárúchán atá ann faoi láthair faoi uimhir XI EORI.

*Treoir maidir le beartáin*

An 9 Meitheamh 2023, d'fhoilsigh an Ríocht Aontaithe tuilleadh sonraí agus foilseachán ar líne[5] a bhaineann le Creat Windsor, lena n-áirítear maidir le beartáin. An 8 Meán Fómhair 2023, d'eisigh an Ríocht Aontaithe treoir mhionsonraithe nuashonraithe maidir le gluaiseacht beartán ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe go Tuaisceart Éireann[6].

Dá bhrí sin, tá an tAontas in ann a dhearbhú go bhfuil sé sásta, de réir bhrí Airteagal 23(4)(a)(iii) de Chinneadh Uimh. 1/2023, gur eisigh an Ríocht Aontaithe treoir nua maidir le beartáin i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1/2023.

*Nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a aistrítear ó Thuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe*

[5] https://www.gov.uk/government/collections/the-windsor-framework-further-detail-and-publications.
[6] https://www.gov.uk/government/publications/moving-parcels-from-great-britain-to-northern-ireland-under-the-windsor-framework-from-30-september-2024.

An 24 Márta 2023, d'eisigh an Ríocht Aontaithe laistigh den Chomhchoiste Dearbhú Aontaobhach maidir le nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a aistrítear ó Thuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe[7]. Thug an tAontas dá aire an Dearbhú Aontaobhach seo[8].

Dá bhrí sin, tá an tAontas in ann a dhearbhú go bhfuil sé sásta, de réir bhrí Airteagal 23(4)(a)(iv) de Chinneadh Uimh. 1/2023, gur eisigh an Ríocht Aontaithe an dearbhú aontaobhach dá dtagraítear san fhoráil sin.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí ón gComhairle lena mbunófar '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a fhéadfaidh '*tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[9].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Comhaontú um Tharraingt Siar.

Féadfaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe dearbhuithe aontaobhacha a dhéanamh sa Chomhchoiste. An dearbhú aontaobhach atá beartaithe ag an Aontas agus atá le déanamh laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis, de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt

[7] IO L 102, 17.4.2023, lch. 96.
[8] IO L 102, 17.4.2023, lch. 97.
[9] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús substaintiúil dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

An dearbhú aontaobhach atá le déanamh ag an Aontas laistigh den Chomhchoiste, baineann sé le Creat Windsor, ar dlúthchuid den Chomhaontú um Tharraingt Siar é, a tugadh i gcrích ar bhonn Airteagal 50(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Dá bhrí sin, is é Airteagal 50(2) CAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 50(2) CAE ba cheart a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus trédhearcacht, is iomchuí an dearbhú aontaobhach ón Aontas a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis dó a bheith déanta laistigh den Chomhchoiste. Ina theannta sin, ba cheart fógra a bheartú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, á rá go ndearnadh an dearbhú aontaobhach atá le déanamh ag an Ríocht Aontaithe laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(4)(b) de Chinneadh Uimh. 1/2023.

2023/0327 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú atá le déanamh de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chonradh an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 50(2) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), thug an tAontas i gcrích é le Cinneadh (AE) 2020/135 ón gComhairle[10] an 30 Eanáir 2020 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.

(2) De bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón gComhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023 lena leagtar síos socruithe a bhaineann le Creat Windsor[11] ('Cinneadh Uimh. 1/2023'), beidh feidhm ag forálacha áirithe de Chinneadh Uimh. 1/2023 ón 30 Meán Fómhair 2023, ar choinníoll go ndearnadh na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 23(4) litir (a) agus litir (b) laistigh den Chomhchoiste.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 182 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, is dlúthchuid den Chomhaontú sin Creat Windsor[12].

(4) Meastar go ndéanfaidh an tAontas dearbhú laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023. Tá dearbhú sin le déanamh á rá go bhfuil an tAontas sásta leis an méid seo a leanas: (i) an chaoi a bhfuil Airteagal 5 de Chinneadh Uimh. 6/2020 ón gComhchoiste curtha chun feidhme ag an Ríocht

[10] IO L 29, 31.1.2020, lch.1.
[11] IO L 102, 17.4.2023, lch. 61.
[12] Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas Eorpach agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an 24 Márta 2023, IO L 102, 17.4.2023, lch. 87.

Aontaithe trí rochtain a sholáthar ar fhaisnéis atá i líonraí, i gcórais faisnéise agus i mbunachair sonraí na Ríochta Aontaithe agus i modúil náisiúnta na Ríochta Aontaithe de chórais an Aontais dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhchoiste sin; agus (ii) go bhfuil gach clárú XI EORI atá ann cheana eisithe i gceart; agus (iii) gur eisigh an Ríocht Aontaithe treoir nua maidir le beartáin i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 1/2023; agus (iv) gur eisigh an Ríocht Aontaithe a dearbhú aontaobhach maidir le nósanna imeachta onnmhairiúcháin le haghaidh earraí a thugtar amach as Tuaisceart Éireann chuig codanna eile den Ríocht Aontaithe.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 164(1) den Chomhaontú um Tharraingt Siar ('an Comhchoiste') i ndáil leis an Dearbhú Aontaobhach atá le déanamh ag an Aontas laistigh den Chomhchoiste de bhun Airteagal 23(4)(a) de Chinneadh Uimh. 1/2023, beidh sé bunaithe ar an Dréachtdhearbhú Aontaobhach atá i gceangal san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*